



MÚIRINIÚ BAILE

Le múiriniú, déantar táirge luachmhar don ghairdín as dramhaíl orgánach ar nós málaí tae, torthaí, craicne glasraí agus dramhaíl ón ngairdín agus is féidir an méid dramhaíl tí a chuirtear chuig líonadh talún a laghdú suas le 33%.

IS FÉIDIR NA NITHE SEO A LEANAS A MHÚIRINIÚ:

DRAMHAÍL GHLAS

- » Scotháin úra ó phlandaí sa ghairdín
- » Málaí tae
- » Caife meilte
- » Torthaí amha agus craicne glasraí
- » Dramhaíl ghairdín
- » Dramhaíl bia (teastaíonn aonad múiriniú áirithe)

DRAMHAÍL DHONN

- » Ábhar plandaí marbha
- » Múirín nó cré spionta
- » Méideanna áirithe páipéir agus cairtchláir
- » Min sáibh
- » Boscaí cairt uibheacha

Ní féidir miotail, plaisteach, olaí, táirgí déiríochta, min sáibh chóireáilte agus easair mhadraí/chaít a mhúiriniú.

AN tSLÍ LE MÚIRINIÚ A DHÉANAMH ?

Tá sé fíor-thábhachtach an áit cheart a roghnú le haghaidh do bhosca

múirín – roghnaigh áit i do ghairdín nach bhfaigheann an iomarca gréine agus a bhfuil ithir shaorshilteach ann. Cinnteoidh sé sin go mbeidh an múirín tais ach aeraithe go maith agus spreagfaidh sé gníomhaíocht feithidí, agus mar gheall air sin, beidh an múirín níos fearr. Déan an bosca nó carn múirín in áit atá áisiúil don teach - rud a dhéanfaidh é a úsáid níos éasca ort féin. Is é an chéad chéim eile ná an meascán dramhaíola a dhéanamh cothrom agus an múirín a mheascadh go minic.

Is iomaí córas múirín atá ar fáil – boscaí aonair, rothladóirí, díleáiteoirí, piastlanna, fiú cinn leictreacha! Is é an modh is fearr a oireann do chuid riachtanas an ceann is fearr duitse.

RECYCONE atá oiriúnach do ghlasaí agus torthaí amha, tae agus málaí tae, caife meilte, méideanna beaga de pháipéar nuachta agus cairtchlár.

DÍLEÁITEOIR BIA atá oiriúnach do bhia cócaráilte. Teastaíonn luasaire

i bhfoirm baictéar don phróiseas seo chun briseadh síos bia a chinntiú.

PIASTLANN atá oiriúnach do bhia cócaráilte. Tá obair ag baint leis an bpróiseas seo agus teastaíonn aire a thabhairt dó mar go bhfuil péisteanna ann.

Cuireann Comhairle Chontae na Gaillimhe seisiún eolais maidir le múiriniú baile ar fáil go rialta - le breis eolais a fháil cur glaoch orainn ag an uimhir thíos.

CUIMHNIGH - IS FURASTA DIFRÍOCHT A DHÉANAMH!



BREIS EOLAIS LE FÁIL Ó:

Sinéad Ní Mhainnín nó Mark Molloy
An Rannóg Timpeallachta
Comhairle Chontae na Gaillimhe

Teil: 091 509 510
E-phost: snimhain@galwaycoco.ie

Páipéar ó fhoraaisi inbhuanaithe